

# AN DABHRADÁN

Rí a bhí ann agus bhí mac aige agus bhí mhaith leis an mac a chur ar an Ard Sgoil. Ba mhaith leis é a bheith ar an bhfear is foghlumta a bheadh sa domhan. Chuala sé ansoin go raibh máighistreas sgoile ar oileán an-fhada ó bhaile agus nach raibh sgoiláire ar bith le fághail a bhí chomh maith léithe. Níor stop sé go ndeachaidh sé chomh fada léithe. D'fharruigh sé dhi a bhféadfadh sí sgoil a mhuineadh don mhac. Dubhairt sí nach bhféadfadh sí é a mhúnadh faoi láthair. "Tá dhá sgoiláire dhéag agam le múnadh agus ní fhéadfaidh mé é a thóigeáil ná aon duine eile a thóigeáil go mbeidh a dtéarma curtha isteach ag cuid acab sin agus d'fhéadfainn é a thógáil san am sin. Tá trí bliana eile ar an gcéad duine acab a mbeidh a théarma thuas."

Cheap an Rí go mba fhada an t-achar trí bliana gan aon bhlas a mhúnadh dá mhac féin. "B'fhéarr duit an sgoil a thabhairt suas ar fad" adeir an Rí "agus a theacht liomsa le mo mhac a mhúnadh agus pébrí páigh tá tú fhághail as an dá dhuine dhéag tá mé sásta é a thabhairt duit agus in aonfhacht leis an méid sin tabharfaidh mé do bheathadh dhuit."

Cheap an mháighistreas nach droch-bheart dhi a dhul in aonfhacht leis. Ach thug sí an sgoil suas agus chuaigh sí in aonfhacht leis an Rí. Bhí sí a'múineadh an mhic go ceann seacht mbliana agus nuiar a bhí na seacht mbliana shuas d'fíafraigh sé di a' raibh aon sgoiláire sa domhan a bhí chomh maith leis, agus dubhairt sí leis go raibh agus sgoiláirí go leor a bhí i bhfad níos fearr ná é. Chaith sí seacht mbliadhna eile dá mhúnadh. "Caithfidh sé" adeir sé, "nach bhfuil sgoiláire ar bith sa domhan anois atá chomh maith liom." "Níl" adeir sí, "ach aon fhear amháin a mhúin mise agus tá sé an-bheagán níos fearr ná thú. Ach níl mise indon aon bhlas a mhúnadh níos mó dhuit agus aon bhlas dár mhúin mé don fhear eile nach bhfuil múinte agam dhuitse agus déarfainn gur leis an bhfear eile is géire foghlaim." " 'Bhfuil fhios a'd cén t-anm a bhí ar an bhfear sin?" adeir sí. "Sé an t-ainm a thug sé síos dhomsa" adeir sí, "An Dabharadán. Níl fhios agam cé as é." "Ní dhéanfaidh mise mórán comhnaidhe" adeir mac an Rí, "go bhfágh mé amach an fear sin."

Ar maidin lá'r na mháireach réidhtigh sé é féin a dhul ar thuairisg an Dabhradán. Fuair sé soitheach breagh nua socruighthe amach . Bhí se ag imtheacht a' seoladh leis gur chaith sé lá is fiche ag treabhadh na fairrge. An lá seo chonnaic sé soitheach ar ancaire in aice le talamh, feistighthe i lár an chuain agus gan le feiceál innte ach aon fhear amháin agus é ag spaisteoireacht ar fud an tsoithigh dhó féin. Ní dhearnaigh sé seo ach a shoitheach a leagan síos ar an áit a raibh sí seo eile feistighthe agus ancaire a leigean anuas le na taobh. Ní dhearnaigh an fear a bhí sa soitheach eile ach eirigh aníos ón dic agus pota ar a ghualainn aige siubhal siar deire an tsoithigh agus rithte raithte a thabhairt agus a dhul amach ar bharr an bhadhbhsait agus a dhul isteach ar an talamh go léim. Ní dhearna mac an Rí ach an cleas céadhna a dhéanamh agus a dhul isteach ina dhiadh ar an talamh.

Bhí cúirt bhreágh gar go leor don fhairrge agus chuaidh fear an phota isteach ins an gcúirt. Nuair a bhí mac a' Rí a dhul isteach dorus na cúirte bhí an fear eile a' dhul amach ina aghaidh agus an pota ar a ghualainn aige. Nuair a bhí sé shíos ar bhruach na fairrge d'eirigh sé de léim agus chuaidh sé isteach de léim sa soitheach agus an pota ar a dhruim aige, agus léim mac a' Rí ina dhiadh agus nuair a bhí sé ag ísleadh ar dic tháinig sé ar mhac an Rí agus chuir sé i bhfolach faoi bhéal an phota é, agus choinnigh sé dhá lá agus dhá oidhche faoi bhéal an phota é. Nuair a thóg sé dhe an pota d'eirigh sé de léim aríst agus chuaidh sé isteach ar an talamh.

"Ní bheidh mise a' magadh fúm féin níos fuide ach tiubharfaidh mé liom do shoitheach abhaile agus fágfaidh mé mo shoitheach féin i mo dhiadh go bhfeicfidh mé a' leanfaidh tú mé." Chroch le leis abhaile soitheach an fhir seo, agus dheamhan ann ach go raibh sé istigh tigh n-a athar nuair a bhí an fear eile isteach an dorus ina dhiadh agus an pota ar a dhruim. Tosuigheadh a' cur fáilte roimhe fhear a' phota agus tosuigheadh a' réidhteach béile faoi n-a chomhair, agus dubhairt se nach n-íosfadh sé féin aon bhlas go mbeadh béile bruithte as a phota féin agus go n-innseadh fear sgéal nach mbeadh aon fhocal bréige ann ó na thús go dtí na dheire.

Thosuigh mac an Rí ag innseacht sgéal chuile chaoi dar eirigh dhó féin faoi fhear a' phota agus chuile shórt agus nuair a bhí an sgéal innsighthe aige bhí an béile bruithte ag pota an fhir seo. D'itheadar an dinnéar agus nuair a bhí an dinnéar thart chuaigh sé féin agus mac an Rí amach ins an bpáirc agus thráileadar a chéile ar chuile bhealach agus ní raibh fhios cé acab fear ab fhearr. Nuair nach ndearnaidh ceachtar acab aon láimh den cheann eile d'eirigheadar as agus chraitheadar láimh le chéile. Ní raibh aon bheirt fear ins an domhan ins am sin a choh maith leothab , mac an Rí agus an Dabhradán.